Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 59

Imleabhar 66

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

24 Feabhra 2023

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/409 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an íoschainníocht ocsaíde cailciam i leasacháin neamhorgánacha mhacrachothaitheacha sholadacha aonábhair** ([1]) 1

★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/410 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 a mhéid a bhaineann le Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Giobráltar, Mósaimbíc, an Tansáin agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha a chur le tábla I den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 agus Nicearagua, an Phacastáin agus an tSiombáib a bhaint den tábla sin** ([1]) 3

★ **Rialachán (AE) 2023/411 ón gCoimisiún an 23 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1871 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le pointí tagartha le haghaidh gníomhaíochta le haghaidh nítreafúrán agus a meitibilítí a chur i bhfeidhm** ([1]) 8

CINNTÍ

★ **Cinneadh (AE) 2023/412 ón gComhairle an 21 Feabhra 2023 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhse na teidlíochta i ndáil le comhléiriúcháin chlosamhairc mar a fhoráiltear in Airteagal 5 den Phrótacal maidir le Comhar Cultúrtha a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile** 11

★ **Cinneadh (AE) 2023/413 ón gComhairle an 21 Feabhra 2023 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhse na teidlíochta i ndáil le comhléiriúcháin chlosamhairc mar a fhoráiltear in Airteagal 5 den Phrótacal maidir le Comhar Cultúrtha a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile** 13

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/414 ón gCoimisiún an 17 Feabhra 2023 lena leasaítear an Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Spáinn** *(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2023) 1270)* ([1]) 15

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/415 ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2023 lena n-athnuaitear an t-údarú chun táirgí a chur ar an margadh, ar táirgí iad ina bhfuil, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe A5547-127 (ACS-GMØØ6-4) de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** *(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2023) 1126)* ([1]) 19

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/416 ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2023 lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil, arb í atá iontu nó a tháirgtear ó ráib olashíl ghéinmhodhnaithe MON 94100 (MON-941ØØ-2) a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** *(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2023) 1135)* ([1]) 25

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/417 ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2023 lena nglactar le hiarraidh arna cur isteach ag an Ísiltír agus ag an nGearmáin, de bhun Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le neamhchur i bhfeidhm sealadach phointe 4.2.5.1. "Cumarsáid raidió leis an traein" agus phointe 4.2.8. "Bainistiú eochracha" den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún, i gcás na n-ocht dtraein dhoscartha FLIRT3 EMU3 Limburg MS (L-435)** *(A bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2023) 1154)* 30

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/409 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Samhain 2022

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an íoschainníocht ocsaíde cailciam i leasacháin neamhorgánacha mhacrachothaitheacha sholadacha aonábhair

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin AE a chur ar fáil ar an margadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 ([1]), agus go háirithe Airteagal 42(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/1009 leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin AE a chur ar fáil ar an margadh, agus aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) ón 16 Iúil 2022 ar aghaidh.

(2) I gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1009, maidir le leasachán neamhorgánach macrachothaitheach soladach aonábhair arb é cailciam an t-aon mhacrachothaitheach a bhfuil sé dearbhaithe é a bheith ann, tá ar a laghad 12 % de réir maise cailciam le bheith ann a shloinntear mar ocsaíd chailciam.

(3) Le Rialachán (AE) 2020/1666 ón gCoimisiún ([3]) leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 trí chailciam crágach d'aigéad imínidéshucsanach (Ca-IDHA) a thabhairt isteach mar chineál nua leasachán CE. Is é 9 % ocsaíd chailciam an íoschainníocht cothaitheach sa leasachán sin.

(4) Is leasachán é CA-IDHA a sholáthraíonn an macrachothaitheach cailciam do phlandaí. Agus measúnú á dhéanamh ar na coinníollacha lena n-áireamh i Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003, fuarthas amach go bhfuil leasacháin CE den chineál sin éifeachtúil ó thaobh na hagranamaíochta de. Ba cheart Rialachán (AE) 2019/1009 a leasú chun an fhorbairt theicniúil a tharlaíonn tar éis a ghlactha a chur san áireamh agus, dá bhrí sin, ba cheart an íoschainníocht ocsaíde cailciam i leasacháin neamhorgánacha mhacrachothaitheacha sholadacha aonábhair a ísliú ó 12 % go 9 %. Dá n-ísleofaí an íoschainníocht ocsaíde cailciam, thabharfaí isteach an cineál sin leasacháin i raon feidhme na rialacha maidir le comhchuibhiú agus, ar an gcaoi sin, d'éascófaí a shaorghluaiseacht sa mhargadh aonair. Tá an t-oiriúnú sin nasctha le critéir éifeachtúlachta agranamaíche na leasachán, agus ní laghdaítear leis na caighdeáin arda maidir le sláinte an duine agus an chomhshaoil a chosaint a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/1009.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2019/1009 a leasú dá réir,

([1]) IO L 170, 25.6.2019, lch. 1.
([2]) IO L 304, 21.11.2003, lch. 1.
([3]) IO L 377, 11.11.2020, lch. 3.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I gCuid II, in PFC 1(C)(I)(a)(i), pointe 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1009, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

"(e) 9 % de réir maise d'ocsaíd chailciam iomlán (CaO),".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/410 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Nollaig 2022

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 a mhéid a bhaineann le Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Giobráltar, Mósaimbíc, an Tansáin agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha a chur le tábla I den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 agus Nicearagua, an Phacastáin agus an tSiombáib a bhaint den tábla sin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ní mór don Aontas a áirithiú go ndéanfar cosaint éifeachtach ar shláine agus ar fheidhmiú cuí a chórais airgeadais agus an mhargaidh inmheánaigh ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta. Dá bhrí sin, foráiltear le Treoir (AE) 2015/849 gur cheart don Choimisiún tíortha a shainaithint a bhfuil easnaimh straitéiseacha acu ina gcórais maidir le Frithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac (AML/CFT), ar bagairtí suntasacha iad ar chóras airgeadais an Aontais.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 ón gCoimisiún ([2]), sainaithnítear tríú tíortha ardriosca a bhfuil easnaimh straitéiseacha acu.

(3) I bhfianaise leibhéal ard an chomhtháthaithe sa chóras airgeadais idirnáisiúnta, an dlúthnaisc idir oibreoirí margaidh, an líon ard idirbheart trasteorann chuig an Aontas agus ón Aontas, mar aon le leibhéal oscailteachta an mhargaidh, is bagairt ar chóras airgeadais an Aontais í aon bhagairt AML/CFT ar an gcóras airgeadais idirnáisiúnta.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 9(4) de Threoir (AE) 2015/849, cuireann an Coimisiún an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil san áireamh, go háirithe Ráitis Phoiblí an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF), liosta FATF de "Dhlínsí a bhfuil Faireachán Méadaithe á dhéanamh orthu", agus tuarascálacha FATF ón nGrúpa Athbhreithnithe um Chomhar Idirnáisiúnta i ndáil leis na rioscaí a bhaineann le tríú tíortha ar leith.

(5) Ó rinneadh na leasuithe deireanacha ar Rialachán (AE) 2016/1675, rinne FATF a liosta de "Dhlínsí a bhfuil Faireachán Méadaithe á dhéanamh orthu" a thabhairt cothrom le dáta go mór. Ag an gcruinniú iomlánach a bhí aige i mí an Mhárta 2022, chuir FATF Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha lena liosta agus scrios sé an tSiombáib óna liosta. Ag an gcruinniú iomlánach a bhí aige i mí an Mheithimh 2022, chuir FATF Giobráltar lena liosta. Ag an gcruinniú iomlánach a bhí aige i mí Dheireadh Fómhair 2022, chuir FATF Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Mósaimbíc agus an Tansáin lena liosta agus scrios sé Nicearagua agus an Phacastáin óna liosta. Rinne an Coimisiún measúnú ar na hathruithe sin go léir i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir (AE) 2015/849.

(6) I mí Feabhra 2022, rinne Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha gealltanas polaitiúil ardleibhéil chun oibriú le FATF agus leis an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais don Mheánoirthear agus don Afraic Thuaidh chun éifeachtacht a chórais AML/CFT a neartú. Ó shin i leith, léirigh Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha dul chun cinn dearfach, lena n-áirítear trí acmhainní breise a chur ar fáil don Aonad um Fhaisnéis Airgeadais (AFA) chun anailís AFA a neartú agus trí fhaisnéis airgeadais a chur ar fáil d'Údaráis Forfheidhmithe Dlí agus do na hIonchúisitheoirí Poiblí chun bagairtí ardriosca sciúrtha airgid a chomhrac. Ba cheart d'Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha leanúint de bheith ag

([1]) IO L 141, 5.6.2015, lch. 73.
([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí thríú tíortha ardriosca ag a bhfuil easnaimh straitéiseacha a shainaithint (IO L 254, 20.9.2016, lch. 1).

obair chun a phlean gníomhaíochta FATF a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (1) méadú leanúnach a léiriú, trí chás-staidéir agus staidreamh, ar iarrataí ar Chúnamh Frithpháirteach Dlí amach chun cuidiú le himscrúdú ar an Maoiniú Sceimhlitheoireachta (TF), ar an Sciúradh Airgid (ML), agus ar phreideacáidí ardriosca a éascú; (2) comhthuiscint ar rioscaí ML/TF idir na hearnálacha agus na hinstitiúidí éagsúla DNFBP a fheabhsú agus a chothabháil; (3) méadú a léiriú ar an líon agus ar an gcáilíocht tuairiscí ar idirbhearta amhrasacha a chomhdaíonn institiúidí airgeadais agus Gnólachtaí agus Gairmeacha Neamhairgeadais Ainmnithe (DNFBPanna); (4) tuiscint níos mionsonraithe a áirithiú ar an riosca go mbainfí mí-úsáid as daoine dlítheanacha agus, i gcás inarb infheidhme, socruithe dlíthiúla, i gcás ML/TF; (5) a léiriú go mbaintear úsáid níos mó as faisnéis airgeadais chun bagairtí ardriosca sciúrtha airgid a shaothrú; agus méadú leanúnach a léiriú ar imscrúduithe agus ionchúisimh éifeachtacha ar chineálacha éagsúla cásanna sciúrtha airgid atá comhsheasmhach le próifíl riosca Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha; agus (6) imghabháil smachtbhannaí a shainaithint agus a chomhrac go réamhghníomhach, lena n-áirítear trí thuiscint níos fearr a léiriú ar imghabháil smachtbhannaí san earnáil phríobháideach. D'ainneoin an tiomantais sin agus an dul chun cinn sin, níor tugadh aghaidh go hiomlán fós ar na hábhair imní as ar eascair liostú Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ag FATF. Dá bhrí sin, ba cheart Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha a mheas a bheith ina thír ag a bhfuil easnaimh straitéiseacha ina córas AML/CFT faoi Airteagal 9 de Threoir (AE) 2015/849.

(7) I mí an Mheithimh 2022, rinne Giobráltar gealltanas polaitiúil ardleibhéil oibriú le FATF agus MONEYVAL, an Coiste Saineolaithe um Meastóireacht ar Bhearta chun an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a chomhrac ag An Chomhairle Eorpach, chun éifeachtacht a chórais AML/CFT a neartú. Ó glacadh tuarascáil meastóireachta frithpháirtí Ghiobráltar i mí na Nollag 2019, tá dul chun cinn déanta ag Giobráltar maidir le líon suntasach de na gníomhaíochtaí a mholtar sa tuarascáil meastóireachta frithpháirtí, amhail measúnú riosca náisiúnta nua a chur i gcrích, aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh theicniúla i ndáil le coimeád taifead a bhaineann le hÚinéir Tairbhiúil, ceanglais trédhearcachta a thabhairt isteach maidir le scairshealbhóirí agus stiúrthóirí ainmnitheacha, an t-aonad um fhaisnéis airgeadais a neartú, agus a bheartas imscrúdaithe sciúrtha airgid a mhionchoigeartú i gcomhréir le rioscaí. Ba cheart do Ghiobráltar obair a dhéanamh ar a phlean gníomhaíochta a chur chun feidhme, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh (1) a áirithiú go n-úsáidfidh údaráis mhaoirseachta d'institiúidí airgeadais neamhbhainc agus DNFBPanna raon smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha le haghaidh sáruithe AML/CFT; agus (2) a léiriú go bhfuil breithiúnais choigistíochta chríochnaitheacha á saothrú aige ar bhealach níos gníomhaí agus níos rathúla, trí imeachtaí coiriúla nó sibhialta bunaithe ar imscrúduithe airgeadais. D'ainneoin an tiomantais sin agus an dul chun cinn sin, níor tugadh aghaidh go hiomlán fós ar na hábhair imní as ar eascair liostú Ghiobráltar ag FATF. Dá bhrí sin, ba cheart Giobráltar a mheas a bheith ina dhlínse tríú tír ag a bhfuil easnaimh straitéiseacha ina córas AML/CFT faoi Airteagal 9 de Threoir (AE) 2015/849.

(8) I mí Dheireadh Fómhair 2022, rinne Poblacht Dhaonlathach an Chongó gealltanas polaitiúil ardleibhéil oibriú le FATF agus leis an '*Groupe d'Action contre le Blanchiment d'Argent en Afrique Centrale*' (GABAC), comhlacht réigiúnach ar aon stíl le FATF, chun éifeachtacht a chórais AML/CFT a neartú. Ó glacadh tuarascáil meastóireachta frithpháirtí Poblacht Dhaonlathach an Chongó i mí Dheireadh Fómhair 2020, tá dul chun cinn déanta ag Poblacht Dhaonlathach an Chongó maidir le roinnt de na gníomhaíochtaí a mholtar sa tuarascáil meastóireachta frithpháirtí, lena n-áirítear tosaíocht beartais a dhéanamh d'fháltais ó choireacht a choigistiú. Oibreoidh Poblacht Dhaonlathach an Chongó chun a plean gníomhaíochta FATF a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (1) bailchríoch a chur ar an Measúnú Riosca Náisiúnta maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta agus straitéis náisiúnta AML/CFT a ghlacadh; (2) údaráis mhaoirseachta a ainmniú le haghaidh gach earnáil DNFBP, agus plean maoirseachta rioscabhunaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme; (3) acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil don Aonad um Fhaisnéis Airgeadais, agus cur lena chumas chun anailís oibríochtúil agus straitéiseach a dhéanamh; (4) cumais na n-údarás a bhfuil baint acu le himscrúdú agus ionchúiseamh sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a neartú; agus (5) cur chun feidhme éifeachtach Smachtbhannaí Maoinithe Sceimhlitheoireachta agus Airgeadais Spriocdhírithe a bhaineann le Maoiniú Leata a léiriú. D'ainneoin an tiomantais sin agus an dul chun cinn sin, níor tugadh aghaidh go hiomlán fós ar na hábhair imní as ar eascair liostú Phoblacht Dhaonlathach an Chongó ag FATF. Dá bhrí sin, ba cheart Poblacht Dhaonlathach an Chongó a mheas a bheith ina tír ag a bhfuil easnaimh straitéiseacha ina córas AML/CFT faoi Airteagal 9 de Threoir (AE) 2015/849.

(9) I mí Dheireadh Fómhair 2022, rinne Mósaimbíc gealltanas polaitiúil ardleibhéil chun oibriú le FATF agus le Grúpa Oirthear agus Dheisceart na hAfraice um an Sciúradh Airgid a Chomhrac (ESAAMLG) chun éifeachtacht a córais AML/CFT a neartú. Ó glacadh tuarascáil meastóireachta frithpháirtí Mhósaimbíc i mí Aibreáin 2021, tá dul chun cinn déanta ag Mósaimbíc maidir le roinnt gníomhaíochtaí a mholtar sa tuarascáil meastóireachta frithpháirtí chun a córas a fheabhsú, lena n-áirítear trína Measúnú Riosca Náisiúnta a thabhairt chun críche agus trína hiarrachtaí coigistithe sócmhainní a neartú. Oibreoidh Mósaimbíc chun a plean gníomhaíochta FATF a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (1) comhar agus comhordú i measc na n-údarás ábhartha a áirithiú chun straitéisí agus beartais AML/CFT rioscabhunaithe a chur chun feidhme; (2) oiliúint a thabhairt do gach Údarás Forfheidhmithe Dlí maidir le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach chun feabhas a chur ar bhailiú fianaise nó ar urghabháil/choigistiú fáltas ó choireacht; (3) acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna a chur ar fáil do

mhaoirseoirí, plean maoirseachta rioscabhunaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme; (4) acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil do na húdaráis chun tús a chur le bailiú faisnéise leordhóthanaí, cruinne agus cothrom le dáta maidir le húinéireacht thairbhiúil daoine dlítheanacha; (5) acmhainní daonna an Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais a mhéadú chomh maith leis an bhfaisnéis airgeadais a sheoltar chuig na húdaráis a mhéadú; (6) cumas na nÚdarás Forfheidhmithe Dlí chun imscrúdú éifeachtach a dhéanamh ar chásanna ML/TF trí fhaisnéis airgeadais a úsáid a léiriú; (7) Measúnú Riosca cuimsitheach ar Mhaoiniú Sceimhlitheoireachta a dhéanamh agus tús a chur le straitéis chuimsitheach náisiúnta chun maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac a chur i bhfeidhm; (8) feasacht a mhéadú maidir le Smachtbhannaí Maoinithe Sceimhlitheoireachta agus Airgeadais Spriocdhírithe a bhaineann le Maoiniú Leata; agus (9) an measúnú riosca ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta d'Eagraíochtaí Neamhbhrabúis a dhéanamh i gcomhréir le Caighdeáin FATF agus é a úsáid mar bhonn chun plean for-rochtana a fhorbairt. D'ainneoin an tiomantais sin agus an dul chun cinn sin, níor tugadh aghaidh go hiomlán fós ar na hábhair imní as ar eascair liostú Mhósaimbíc ag FATF. Dá bhrí sin, ba cheart Mósaimbíc a mheas a bheith ina tír ag a bhfuil easnaimh straitéiseacha ina córas AML/CFT faoi Airteagal 9 de Threoir (AE) 2015/849.

(10) I mí Dheireadh Fómhair 2022, rinne an Tansáin gealltanas polaitiúil ardleibhéil chun oibriú le FATF agus le ESAAMLG chun éifeachtacht a córais AML/CFT a neartú. Ó glacadh tuarascáil meastóireachta frithpháirtí na Tansáine i mí Aibreáin 2021, tá dul chun cinn déanta ag an Tansáin maidir le roinnt gníomhaíochtaí a mholtar sa tuarascáil meastóireachta frithpháirtí chun a córas a fheabhsú, lena n-áirítear trí chreat dlíthiúil do Smachtbhannaí Maoinithe Sceimhlitheoireachta agus Airgeadais Spriocdhírithe a fhorbairt agus trí anailís straitéiseach an Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais a scaipeadh. Oibreoidh an Tansáin chun a plean gníomhaíochta FATF a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (1) feabhas a chur ar mhaoirseacht rioscabhunaithe ar Institiúidí Airgeadais agus ar DNFBPanna, lena n-áirítear trí chigireachtaí a dhéanamh ar bhonn riosca-íogair agus trí smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a chur i bhfeidhm maidir le neamhchomhlíonadh; (2) cumas na n-údarás chun raon imscrúduithe agus ionchúiseamh sciúrtha airgid a dhéanamh go héifeachtach i gcomhréir le próifíl riosca na tíre a léiriú; (3) a léiriú go bhfuil bearta á ndéanamh ag na hÚdaráis Forfheidhmithe Dlí chun fáltais ón gcoireacht agus ionstraimeachtaí na coireachta a shainaithint, a rianú, a urghabháil agus a choigistiú; (4) Measúnú Riosca cuimsitheach ar Mhaoiniú Sceimhlitheoireachta a dhéanamh agus tús a chur le straitéis chuimsitheach náisiúnta chun maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac a chur chun feidhme chomh maith le cumas a léiriú imscrúduithe ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta a dhéanamh agus ionchúisimh a dhéanamh i gcomhréir le próifíl riosca na tíre; (5) feasacht na hearnála príobháidí agus na n-údarás inniúil a mhéadú maidir le Smachtbhannaí Maoinithe Sceimhlitheoireachta agus Airgeadais Spriocdhírithe a bhaineann le Maoiniú Leata; agus (6) an measúnú riosca ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta d'Eagraíochtaí Neamhbhrabúis a dhéanamh i gcomhréir le Caighdeáin FATF agus é a úsáid mar bhonn chun plean for-rochtana a fhorbairt. D'ainneoin an tiomantais sin agus an dul chun cinn sin, níor tugadh aghaidh go hiomlán fós ar na hábhair imní as ar eascair liostú na Tansáine ag FATF. Dá bhrí sin, ba cheart an Tansáin a mheas a bheith ina tír ag a bhfuil easnaimh straitéiseacha ina córas AML/CFT faoi Airteagal 9 de Threoir (AE) 2015/849.

(11) Dá bhrí sin, is é conclúid mheasúnú an Choimisiúin gur cheart Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Giobráltar, Mósaimbíc, an Tansáin agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha a mheas a bheith ina ndlínsí tríú tír ag a bhfuil easnaimh straitéiseacha ina gcórais AML/CFT, ar easnaimh iad atá ina mbagairtí suntasacha ar chóras airgeadais an Aontais, i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 9 de Threoir (AE) 2015/849.

(12) Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le haghaidh a thabhairt ar easnaimh straitéiseacha na dtíortha a liostaíodh i Rialachán (AE) 2016/1675 ach a dhíliostaigh FATF i mí an Mhárta, i mí an Mheithimh agus i mí Dheireadh Fómhair 2022. Chun an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 a thabhairt cothrom le dáta mar a cheanglaítear le hAirteagal 9 de Threoir (AE) 2015/849, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta ag Nicearagua, an Phacastáin agus an tSiombáib.

(13) Is díol sásaimh do FATF an dul chun cinn suntasach atá déanta ag Nicearagua, an Phacastáin agus an tSiombáib maidir lena gcórais AML/CFT faoi seach a fheabhsú. Thug FATF dá aire gur bhunaigh Nicearagua, an Phacastáin agus an tSiombáib na creataí dlíthiúla agus rialála chun na gealltanais ina bpleananna gníomhaíochta faoi seach a chomhlíonadh maidir leis na heasnaimh straitéiseacha a shainaithin FATF. Dá bhrí sin, níl Nicearagua, an Phacastáin ná an tSiombáib faoi réir phróiseas faireacháin FATF a thuilleadh faoina phróiseas leanúnach domhanda comhlíontachta AML/CFT. Ba cheart do Nicearagua leanúint de bheith ag obair le '*Grupo de Acción Financiera de Latinoamérica*' (GAFILAT), comhlacht réigiúnach ar aon stíl le FATF, chun a córas AML/CFT a fheabhsú tuilleadh, lena n-áirítear trína áirithiú go bhfuil a maoirseacht ar eagraíochtaí neamhbhrabúis rioscabhunaithe agus i gcomhréir le Caighdeáin FATF. Leanfaidh an Phacastáin de bheith ag obair le Grúpa na hÁise agus an Aigéin Chiúin, an Comhlacht Réigiúnach ar aon stíl le FATF, chun a córas AML/CFT a fheabhsú tuilleadh. Ba cheart don tSiombáib leanúint de bheith ag obair le ESAAMLG chun a córas AML/CFT a fheabhsú tuilleadh, lena n-áirítear trína áirithiú go bhfuil a maoirseacht ar eagraíochtaí neamhbhrabúis rioscabhunaithe agus i gcomhréir le Caighdeáin FATF.

(14) De bharr mheasúnú an Choimisiúin ar an bhfaisnéis atá ar fáil, tháinig sé ar an gconclúid nach bhfuil easnaimh straitéiseacha ag Nicearagua, ag an bPacastáin ná ag an tSiombáib a thuilleadh ina gcórais AML/CFT. Neartaigh Nicearagua, an Phacastáin agus an tSiombáib éifeachtacht a gcórais AML/CFT agus thug siad aghaidh ar easnaimh theicniúla ghaolmhara chun na gealltanais ina bpleananna gníomhaíochta a chomhlíonadh maidir leis na heasnaimh straitéiseacha a shainaithin FATF.

(15) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an tábla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad an tábla i bpointe I den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

"Uimh.	Tríú tír ardriosca [1]
1	An Afganastáin
2	Barbadós
3	Buircíne Fasó
4	An Chambóid
5	Oileáin Cayman
6	Poblacht Dhaonlathach an Chongó
7	Giobráltar
8	Háití
9	Iamáice
10	An Iordáin
11	Mailí
12	Maracó
13	Mósaimbíc
14	Maenmar
15	Panama
16	Na hOileáin Philipíneacha
17	An tSeineagáil
18	An tSúdáin Theas
19	An tSiria
20	An Tansáin
21	Oileán na Tríonóide agus Tobága
22	Uganda
23	Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha
24	Vanuatú
25	Éimin

[1] Sin perjuicio de la posición jurídica del Reino de España con respecto a la soberanía y la jurisdicción en relación con el territorio de Gibraltar.".

RIALACHÁN (AE) 2023/411 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Feabhra 2023

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1871 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le pointí tagartha le haghaidh gníomhaíochta le haghaidh nítreafúrán agus a meitibilítí a chur i bhfeidhm

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail chun teorainneacha na n-iarmhar a bhunú do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ábhair de thionscnamh ainmhíoch, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2377/90 ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 18 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is oibreáin fhrithmhiocróbacha iad nítreafúráin agus a meitibilítí a bhfuil toirmeasc ar a n-úsáid i mbia de bhunadh ainmhíoch san Aontas agus dá bhrí sin liostaítear nítreafúráin i dTábla 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 ([2]) ón gCoimisiún maidir le substaintí toirmiscthe, nach féidir uasteorainneacha iarmhar a bhunú ina leith.

(2) Le Rialachán (AE) 2019/1871 ón gCoimisiún ([3]) bunaíodh pointí tagartha le haghaidh gníomhaíochta ("RPA") i gcás substaintí áirithe neamhcheadaithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus atá i mbia de bhunadh ainmhíoch, nár leagadh síos aon uasteorainneacha iarmhar ina leith. Ón 28 Samhain 2022, cuirfear pointe gníomhaíochta tagartha 0,5 µg/kg i bhfeidhm maidir le nítreafúráin agus a meitibilítí.

(3) Ar bhonn na tuairime ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ([4]), is féidir le leathcharbaisíd ("SEM"), meitibilít den nítreafúrasón nítreafúráin, a bheith i mbia mar mheitibilít a bhíonn ann mar gheall ar chóireáil neamhdhleathach le nítreafúrasón nó mar mheitibilít a tháirgtear le linn próiseáil bia, rud a eascraíonn as oibreáin dhífhabhtaithe a úsáid nó as imoibrithe le comhpháirteanna bia éagsúla. Dá bhrí sin, ní féidir láithreach SEM a mheas mar mharcóir aonchiallach de mhí-úsáid nítreafúrasóin le linn táirgí ainmhithe a tháirgeadh.

(4) Ar bhonn sonraí arna soláthar ag an tionscal agus sonraí faoi tharluithe atá ar fáil ([5]), is féidir leibhéil níos airde SEM a fháil i ngeilitín, hidrealasáit collaigine, táirgí loingeáin hidrealaithe, spraeáil táirgí fola triomaithe, tiúcháin meadhg agus próitéine bainne, cáiséanáití agus púdar bainne mar thoradh ar phróiseáil ardteochta, fiú nuair nár cuireadh aon chóireáil le nítreafúráin i bhfeidhm ar na táirgí próiseáilte sin.

(5) Dá bhrí sin, mar eisceacht, níor cheart RPA le haghaidh SEM a chur i bhfeidhm maidir le geilitín, hidrealasáit collaigine, táirgí loingeáin hidrealaithe, táirgí fola spraethriomaithe, tiúcháin meadhg agus próitéine bainne, cáiséanáití agus púdar bainne mura rud é go bhfaightear nítreafúráin eile nó a meitibilítí in éineacht le SEM sna táirgí próiseáilte sin.

([1]) IO L 152, 16.6.2009, lch. 11.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2009 maidir le substaintí gníomhacha ó thaobh na cógaseolaíochta de, agus aicmiú na substaintí sin i ndáil le huasteorainneacha iarmhar in ábhair bheatha de bhunadh ainmhíoch (IO L 15, 20.1.2010, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) 2019/1871 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2019 maidir le pointí tagartha le haghaidh gníomhaíochta i dtaca le substaintí neamhcheadaithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus atá i mbia de thionscnamh ainmhíoch agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/34/CE (IO L 289, 8.11.2019, lch. 41).

([4]) EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), O'Keeffe M, Christodoulidou A agus Nebbia C, 2021. Tuarascáil eolaíoch ar láithreacht nítreafúrán agus a meitibilítí i ngeilitín. EFSA Journal [Iris EFSA] 2021; 19(10):6881, 22 pp. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2021.6881.

([5]) Richard H. Stadler et al. 2015. Cén fáth nach marcóir cuí é leathcharbaisíd (SEM) chun nítreafúrasón a úsáid ar ainmhithe talmhaíochta. Breiseáin Bia & Éilleáin: Cuid A, Imleabhar 32, Uimh. 11, lgh. 1842–1850, http://dx.doi.org/10.1080/19440049.2015.1086028.

(6) Is grúpa tomhaltóirí leochaileacha iad naíonáin agus leanaí óga. Agus é á chur san áireamh go mbaineann a n-aiste bia go háirithe le bia atá déanta as bainne púdraithe, níor cheart feidhm a bheith ag an díolúine sin maidir le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach.

(7) D'fhonn é a chur ar a chumas don Choimisiún bearta rialála sonracha a bhunú a mhéid a bhaineann le láithreacht SEM a i ngeilitín, hidrealasáit collaigine, táirgí loingeáin hidrealaithe, táirgí fola spraethriomaithe, tiúcháin meadhg agus próitéine bainne, cáiséanáití agus púdar bainne, ba cheart d'oibreoirí gnó bia agus do pháirtithe leasmhara eile sonraí agus faisnéis riachtanacha a sholáthar laistigh de thréimhse ama shainithe maidir le himscrúduithe ar na paraiméadair agus na tosca sna céimeanna próiseála as a dtagann foirmiú SEM le linn phróiseáil na dtáirgí próiseáilte sin. Ba cheart d'oibreoirí gnó bia bearta a dhéanamh freisin chun láithreacht SEM sna táirgí sin a laghdú chuig leibhéil atá chomh híseal agus is indéanta le réasún. In éagmais na sonraí agus na faisnéise sin, ní féidir an díolúine a choinneáil a thuilleadh.

(8) Ba cheart Rialachán (AE) 2019/1871 a leasú dá réir.

(9) Beidh feidhm ag an bpointe gníomhaíochta tagartha ar leibhéal 0,5 µg/kg le haghaidh nítreafúrán agus a meitibilítí amhail ón 28 Samhain 2022. Chun aistarraingtí neamhriachtanacha na dtáirgí próiseáilte lena mbaineann cion SEM ón margadh a sheachaint ag an leibhéal os cionn RPA mar gheall ar thoimhde mhícheart maidir le húsáid neamhdhleathach nítreafúrán, is gá an díolúine a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach ón dáta céanna.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1871 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 28 Samhain 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Feabhra 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1871:

"IARSCRÍBHINN

Pointí tagartha le haghaidh gníomhaíochta (RPA)

Substaint	RPA (µg/kg)	Forálacha eile
Clóraimfeineacól	0,15	
Uaine mhalaicíteach	0,5	0,5 µg/kg le haghaidh suim uaine mhalaicíteach agus uaine leocamalaicíteach
Nítreafúráin agus a meitibilítí	0,5 ([1]) ([2])	0,5 µg/kg le haghaidh gach ceann de na meitibilítí ó fhúrasóilíodón (AOZ nó 3-aimín-2-ocsasóilidhéanón), fúraltadón (AMOZ nó 3-aimín-5-meitiolmorfóilionó-2-ocsasóilidhéanón), de nítreafúrántóin (AHD nó 1-aimínihideantóin), nítreafúireasón (SEM nó leathcharbaisíd) agus de niofursól (DNSH nó hiodraisíd aigéadach 3,5-dénítreasalaicileach)

([1]) Toisc go mbíonn SEM i gcráifisc go nádúrtha ar leibhéil os cionn an RPA, níl ach leibhéil AOZ, AMOZ, AHD agus DNSH os cionn an RPA ina léiriú soiléir ar úsáid neamhdhleathach nítreafúrán agus a meitibilítí. Ní chuirfear RPA 0,5 µg/kg le haghaidh SEM i gcráifisc i bhfeidhm ach amháin i gcás ina suitear go bhfuil úsáid neamhdhleathach nítreafúrasóin nó SEM ar chráifisc, i.e. braitheadh ceann amháin ar a laghad de na meitibilítí nítreafúráin eile.

([2]) De bharr gur tharla SEM ar leibhéil os cionn an RPA mar thoradh ar phróiseáil i ngeilitín, hidrealasáit collaigine, táirgí loingeáin hidrealaithe, táirgí fola spraethriomaithe, tiúcháin meadhg agus próitéine bainne, cáiséanáití agus púdar bainne (seachas bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach) níl ach leibhéil AOZ, AMOZ, AHD agus DNSH os cionn an RPA ina léiriú soiléir ar úsáid neamhdhleathach nítreafúrán agus a meitibilítí. Ní dhéanfar RPA 0,5 µg/kg le haghaidh SEM i ngeilitín, hidrealasáit collaigine, táirgí loingeáin hidrealaithe, táirgí fola spraethriomaithe, tiúcháin meadhg agus próitéine bainne, cáiséanáití agus púdar bainne (seachas bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach) a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás inar bunaíodh úsáid neamhdhleathach nítreafúrasón nó SEM, i.e. braitheadh ceann amháin ar a laghad de na meitibilítí nítreafúráin eile.
Cuirfidh oibreoirí gnó bia agus páirtithe leasmhara eile torthaí na n-imscrúduithe in iúl don Choimisiún faoin 1 Márta 2024 ar na paraiméadair agus ar na tosca sna céimeanna próiseála arb é an toradh a bheidh orthu SEM a fhoirmiú i ngeilitín, hidrealasáit collaigine, táirgí loingeáin hidrealaithe, táirgí fola spraethriomaithe, tiúcháin meadhg agus próitéine bainne, cáiséanáití agus púdar bainne (seachas bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach) le linn na próiseála. Cuirfidh siad in iúl freisin na bearta a rinneadh chun a áirithiú go gcoinneofar leibhéil SEM sna táirgí sin chomh híseal agus is indéanta le réasún. In éagmais sonraí sásúla agus faisnéis shásúil, déanfar bearta chun deireadh a chur leis an díolúine sin."

CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2023/412 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Feabhra 2023

a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhse na teidlíochta i ndáil le comhléiriúcháin chlosamhairc mar a fhoráiltear in Airteagal 5 den Phrótacal maidir le Comhar Cultúrtha a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2015/2169 ón gComhairle an 1 Deireadh Fómhair 2015 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 1 Deireadh Fómhair 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2015/2169.

(2) Leis an bPrótacal maidir le Comhar Cultúrtha ([2]) ("an Prótacal"), atá i gceangal leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile ([3]) ("an Comhaontú Saorthrádála"), bunaítear an creat ina bhfuil na Páirtithe le comhoibriú chun malartuithe a éascú maidir le gníomhaíochtaí cultúrtha, earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear san earnáil closamhairc.

(3) Áirítear go heisceachtúil sa Phrótacal forálacha maidir le teidlíocht i ndáil le comhléiriúcháin chlosamhairc chun tairbhe a bhaint as na scéimeanna faoi seach atá forchoimeádta i bprionsabal do thíortha i mbéal forbartha a bhfuil tionscail chlosamhairc atá i mbéal forbartha acu.

(4) De bhun na bhforálacha sin den Phrótacal, tar éis thréimhse thosaigh 3 bliana, táthar le tréimhse na teidlíochta a athnuachan go ceann tréimhsí leantacha eile den fhad céanna, ach amháin máchuireann Páirtí deireadh leis an teidlíocht trí fhógra i scríbhinn a thabhairt 3 mhí ar a laghad sula rachaidh an tréimhse tosaigh nó aon tréimhse dá héis sin in éag. I gcomhréir leis na forálacha sin, cuireadh síneadh le tréimhse na teidlíochta go deireanach go dtí an 30 Meitheamh 2023, ós rud é nár chuir aon Pháirtí deireadh léi. Tá an Coiste um Chomhar Cultúrtha ("an Coiste") le measúnú a dhéanamh in am trátha ar éifeachtaí iarbhír an Phrótacail i ndáil le comhléiriúcháin chlosamhairc agus le bheith mar bhonn do chinneadh an Aontais maidir le síneadh a chur le trémhse na teidlíochta ar feadh tréimhse eile trí bliana go dtí 2026 nó gan síneadh a chur léi.

(5) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2015/2169, tá an Coimisiún le fógra a thabhairt do Phoblacht na Cóiré má bhíonn sé i gceist ag an Aontas gan síneadh a chur le tréimhse na teidlíochta chun comhléiriúcháin, de réir an nós imeachta a leagtar amach sa Phrótacal sin, ach amháin má aontaíonn an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, 4 mhí roimh dheireadh thréimhse na teidlíochta sin, leanúint ar aghaidh leis an teidlíocht. Má aontaíonn an Chomhairle leanúint ar aghaidh leis an teidlíocht sin, beidh an nós imeachta sin infheidhme arís ag deireadh thréimhse athnuaite na teidlíochta.

(6) An 17 Deireadh Fómhair 2019, chuathas i gcomhairle leis Grúpa Comhairleach Baile an Aontais dá bhforáiltear sa Phrótacal maidir le síneadh a chur le tréimhse na teidlíochta mar a fhoráiltear sna forálacha maidir le teidlíocht i ndáil le comhléiriúcháin chlosamhairc.

([1]) IO L 307, 25.11.2015, lch. 2.
([2]) IO L 127, 14.5.2011, lch. 1418.
([3]) IO L 127, 14.5.2011, lch. 6.

(7) I bhfianaise an dlúthchaidrimh uathúil agus stairiúil idir an tAontas agus Poblacht na Cóiré, d'aontaigh an Chomhairle le síneadh a chur le tréimhse na teidlíochta i ndáil le comhléiriúcháin chlosamhairc chun tairbhe a bhaint as scéimeanna na bPáirtithe faoi seach chun ábhar cultúrtha áitiúil/réigiúnach a chur chun cinn de réir mar a fhoráiltear sa Phrótacal.

(8) Dá bhrí sin, chuir Cinneadh (AE) 2020/470 ([4]) ón gComhairle síneadh trí bliana le tréimhse na teidlíochta i ndáil le comhléiriúcháin chlosamhairc, ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2023. Mar sin féin, trí bhíthin bhreithiúnas an 1 Márta 2022 sa chás *an Coimisiún v an Chomhairle* ([5]), chuir an Chúirt Bhreithiúnais Cinneadh(AE) 2020/470 ar neamhní. Sa bhreithiúnas uaithi, choimeád an Chúirt éifeachtaí an Chinnidh sin freisin go dtí go leigheasfar é ar bhonn na bhforas arna gcinneadh leis an neamhniú.

(9) An 28 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2022/2335 ([6]) lena leasaíodh Cinneadh (AE) 2015/2169 i gcomhréir leis an mbreithiúnas sin.

(10) Chun deireadh a chur le haon amhras faoi thiomantas an Aontais maidir le síneadh 3 bliana a chur le tréimhse na teidlíochta, ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2023, agus, ar an gcaoi sin, cur chun feidhme cuí an Phrótacail a áirithiú, ba cheart cinneadh nua a ghlacadh ar bhonn Chinneadh (AE) 2015/2169, agus ba cheart feidhm a bheith aige ón 1 Iúil 2020, i gcomhréir leis an mbreithiúnas sin.

(11) Níor cheart an Cinneadh seo difear a dhéanamh d'inniúlachtaí an Aontais ná inniúlachtaí na mBallstát faoi seach. Go háirithe, níor cheart go ndéanfadh sé difear d'inniúlacht na mBallstát comhaontuithe comhléiriúcháin a thabhairt i gcrích,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir le tréimhse na teidlíochta chun go mbainfidh comhléiriúcháin chlosamhairc tairbhe as scéimeanna na bPáirtithe faoi seach chun ábhar cultúrtha áitiúil/réigiúnach a chur chun cinn, de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 5, míreanna (4) go (7), den Phrótacal, cuirfear síneadh léi go ceann fad 3 bliana, ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Feabhra 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. ROSWALL

([4]) Cinneadh (AE) 2020/470 ón gComhairle an 25 Márta 2020 maidir le síneadh a chur le tréimhse na teidlíochta i ndáil le comhléiriúcháin chlosamhairc mar a fhoráiltear in Airteagal 5 den Phrótacal maidir le Comhar Cultúrtha a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile (IO L 101, 1.4.2020, lch. 1).

([5]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 1 Márta 2022, *an Coimisiún v an Chomhairle*, C-275/20, ECLI:EU:C:2022:142.

([6]) Cinneadh (AE) 2022/2335 ón gComhairle an 28 Samhain 2022 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/2169 maidir le cur i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile (IO L 309, 30.11.2022, lch. 6).

CINNEADH (AE) 2023/413 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Feabhra 2023

a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhse na teidlíochta i ndáil le comhléiriúcháin chlosamhairc mar a fhoráiltear in Airteagal 5 den Phrótacal maidir le Comhar Cultúrtha a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2015/2169 ón gComhairle an 1 Deireadh Fómhair 2015 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 1 Deireadh Fómhair 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2015/2169.

(2) Leis an bPrótacal maidir le Comhar Cultúrtha ([2]) ("an Prótacal"), atá i gceangal leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile ([3]) ("an Comhaontú Saorthrádála"), bunaítear an creat ina bhfuil na Páirtithe le comhoibriú chun malartuithe a éascú maidir le gníomhaíochtaí cultúrtha, earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear san earnáil closamhairc.

(3) Áirítear go heisceachtúil sa Phrótacal forálacha maidir le teidlíocht i ndáil le comhléiriúcháin chlosamhairc chun tairbhe a bhaint as na scéimeanna faoi seach atá forchoimeádta i bprionsabal do thíortha i mbéal forbartha a bhfuil tionscail chlosamhairc atá i mbéal forbartha acu.

(4) De bhun na bhforálacha sin den Phrótacal, tar éis thréimhse tosaigh 3 bliana, táthar le tréimhse na teidlíochta sin a athnuachan go ceann tréimhsí leantacha eile den fhad céanna, mura gcuireann Páirtí deireadh leis an teidlíocht trí fhógra i scríbhinn a thabhairt 3 mhí ar a laghad sula rachaidh an tréimhse tosaigh nó aon tréimhse dá héis sin in éag. I gcomhréir leis na forálacha sin, cuireadh síneadh le tréimhse na teidlíochta go deireanach go dtí an 30 Meitheamh 2023, ós rud é nár chuir aon Pháirtí deireadh léi. Tá an Coiste um Chomhar Cultúrtha ("an Coiste") le measúnú a dhéanamh in am trátha ar éifeachtaí iarbhír an Phrótacail i ndáil le comhléiriúcháin chlosamhairc agus le bheith mar bhonn do chinneadh an Aontais maidir le síneadh a chur le tréimhse na teidlíochta ar feadh tréimhse eile trí bliana go dtí 2026 nó gan síneadh a chur léi.

(5) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2015/2169, tá an Coimisiún le fógra a thabhairt do Phoblacht na Cóiré má bhíonn sé i gceist ag an Aontas gan síneadh a chur le tréimhse na teidlíochta chun comhléiriúcháin de réir an nós imeachta a leagtar amach sa Phrótacal sin, ach amháin má aontaíonn an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, 4 mhí roimh dheireadh thréimhse na teidlíochta sin, leanúint ar aghaidh leis an teidlíocht. Má aontaíonn an Chomhairle leanúint ar aghaidh leis an teidlíocht sin, beidh an nós imeachta sin infheidhme arís ag deireadh thréimhse athnuaite na teidlíochta.

(6) An 22 Nollaig 2022, chuathas i gcomhairle le Grúpa Comhairleach Baile an Aontais dá bhforáiltear sa Phrótacal maidir le síneadh a chur le tréimhse na teidlíochta mar a fhoráiltear sna forálacha maidir le teidlíocht i ndáil le comhléiriúcháin chlosamhairc.

(7) An 7 Nollaig 2022, rinne an Coiste measúnú ar na torthaí ar chur chun feidhme na teidlíochta ó thaobh fheabhsú na héagsúlachta cultúrtha agus an chomhair chomhthairbhigh maidir le saothair chomhléirithe dá bhforáiltear sa Phrótacal.

([1]) IO L 307, 25.11.2015, lch. 2.
([2]) IO L 127, 14.5.2011, lch. 1418.
([3]) IO L 127, 14.5.2011, lch. 6.

(8) I bhfianaise an dlúthchaidrimh uathúil agus stairiúil idir an tAontas agus Poblacht na Cóiré, agus os rud é go bhféadfadh tairbhe eacnamaíoch agus cultúrtha ar an dá thaobh a bheith i gceist le comhléiriúcháin idir an tAontas agus Poblacht na Cóiré, comhaontaíonn an Chomhairle le síneadh a chur le tréimhse na teidlíochta i ndáil le comhléiriúcháin chlosamhairc chun tairbhe a bhaint as scéimeanna na bPáirtithe faoi seach chun ábhar cultúrtha áitiúil/réigiúnach a chur chun cinn de réir mar a fhoráiltear sa Phrótacal. Is féidir leis an teidlíocht closamhairc deiseanna breise a chruthú do na Ballstáit uile, lena n-áirítear na Ballstáit nach raibh in ann comhléiriúcháin a fhorbairt ar bhonn déthaobhach go dtí seo.

(9) Níor cheart an Cinneadh seo difear a dhéanamh d'inniúlachtaí an Aontais ná inniúlachtaí na mBallstát faoi seach. Go háirithe, níor cheart go ndéanfadh sé difear d'inniúlacht na mBallstát comhaontuithe comhléiriúcháin a thabhairt i gcrích,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir le tréimhse na teidlíochta chun go mbainfidh comhléiriúcháin chlosamhairc tairbhe as scéimeanna na bPáirtithe faoi seach chun ábhar cultúrtha áitiúil/réigiúnach a chur chun cinn, de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 5, míreanna (4) go (7), den Phrótacal, cuirfear síneadh léi go ceann fad 3 bliana, ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2026.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Feabhra 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. ROSWALL

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/414 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Feabhra 2023

lena leasaítear an Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Spáinn

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2023) 1270)

(Is é an téacs Spáinnise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é an bholgach caorach agus an bholgach gabhar a bhíonn ar ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha. I gcás ráig den ghalar sin i measc ainmhithe den chineál gabhair agus den chineál caorach, tá riosca tromchúiseach ann go leathfaidh sé go bunaíochtaí eile ina gcoimeádtar na hainmhithe sin.

(2) Sainmhínítear an bholgach caorach agus an bholgach gabhar mar ghalar de chatagóir A i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([2]). Ina theannta sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([3]) forlíontar na rialacha i dtaca le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainítear mar ghalair i gcatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882. Go háirithe, déantar foráil in Airteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar i gcatagóir A, lena n-áirítear an bholgach caorach agus an bholgach gabhar, agus maidir le bearta áirithe rialaithe galar atá le cur i bhfeidhm ann. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseoidh an crios srianta crios cosanta agus crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall ar na criosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(3) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 ón gCoimisiún ([4]) faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos leis bearta éigeandála don Spáinn i ndáil le ráigeanna den bholgach caorach agus den bholgach gabhar, a braitheadh i réigiúin na hAndalúise agus Castilla-La Mancha, ar dhá bhraisle ar leith iad, ceann amháin i ngach réigiún.

(4) Go sonrach, foráiltear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 maidir leis na criosanna cosanta agus faireachais agus na criosanna srianta breise, atá le bunú ag an Spáinn tar éis ráigeanna den bholgach caorach agus den bholgach gabhar, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, go gcuimseoidh na criosanna sin ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaca le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2022 maidir le bearta áirithe éigeandála a bhaineann le bolgach caorach agus bolgach gabhar sa Spáinn agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1913 (IO L 308, 29.11.2022, lch. 22).

(5) Thairis sin, san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, déantar iad a thiomsú agus socraítear dáta comhchoiteann maidir leis an bhfad a bheidh na bearta i bhfeidhm, le haghaidh gach braisle, agus an dáta a tugadh an réamhghlanadh agus an réamhdhíghalrú deireanach i gcrích á chur san áireamh, ionas go ndearnadh réamhghlanadh agus réamhdhíghalrú i leith gach ráige laistigh den limistéar céanna.

(6) I dteannta na gcriosanna cosanta agus faireachais, bunaíodh crios srianta breise, i gcomhréir le hAirteagal 21(1), pointe (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, i réigiún na hAndalúise agus i réigiún Castilla-La Mancha, áit ina bhfuil sé de cheanglas ar an Spáinn bearta áirithe a chur i bhfeidhm, maidir le srianta ar ghluaiseachtaí caorach agus gabhar lasmuigh den chrios sin, d'fhonn cosc a chur ar leathadh an ghalair chuig an gcuid eile dá críoch agus chuig an gcuid eile den Aontas.

(7) Tar éis ghlacadh Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333, thug an Spáinn fógra don Choimisiún faoi dhá ráig bhreise den bholgach caorach agus den bholgach gabhar i mbunaíochtaí inar coimeádadh ainmhithe den chineál caorach agus/nó den chineál gabhair, bunaíochtaí atá lonnaithe i réigiún Castilla-La Mancha. Dá thoradh sin, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, chomh maith le crios srianta breise le haghaidh na Spáinne, san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin, leasaíodh iad le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/10 ón gCoimisiún ([5]).

(8) Ó bhí dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/10 ann, thug an Spáinn fógra don Choimisiún faoi trí ráig bhreise den bholgach caorach agus den bholgach gabhar i mbunaíochtaí inar coimeádadh ainmhithe den chineál caorach agus/nó den chineál gabhair, bunaíochtaí atá go léir lonnaithe i réigiún Castilla-La Mancha, laistigh den chrios srianta breise atá bunaithe sa réigiún sin cheana. Bhí dhá cheann de na ráigeanna sin ann i gCúige Cuenca, agus bhí an tríú ráig ann i gCúige Ciudad Real agus is é an chéad ráig a tuairiscíodh sa chúige seo.

(9) I réigiún na hAndalúise, níor tuairiscíodh aon ráig nua den bholgach caorach ná den bholgach gabhar go dtí seo, ó deimhníodh na ráigeanna deireanacha an 7 Samhain 2022. Mar thoradh air sin, tá deireadh curtha le gach crios srianta sa réigiún sin ón 16 Eanáir 2023.

(10) Rinne údarás inniúil na Spáinne na bearta rialaithe galar is gá i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, lena n-áirítear bunú criosanna cosanta agus faireachais timpeall ar na trí ráig nua sin agus leathadh an chreasa shrianta bhreise timpeall orthu.

(11) Chuir an Spáinn nuashonruithe ar fáil don Choimisiún go rialta i leith na staide eipidéimeolaíche maidir leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar ina críoch. Áirítear leis na nuashonruithe sin na bearta rialaithe galar a rinne an Spáinn agus a ndéanann an Coimisiún athbhreithniú orthu, chun measúnú a dhéanamh ar a n-éifeachtacht, agus éabhlóid an ghalair á cur san áireamh.

(12) Dá bhrí sin, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais agus na criosanna srianta breise don Spáinn san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333, ba cheart iad a leasú, ó thaobh spáis agus/nó ama de, agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair i réigiún Castilla-La Mancha á cur san áireamh. Ina theannta sin, i bhfianaise na staide eipidéimeolaíche atá ann faoi láthair, is gá bearta níos déine a chur i bhfeidhm i ndáil le gluaiseachtaí caorach agus gabhar ón gcrios srianta breise go bunaíochtaí lasmuigh den chrios sin, chun leathadh an ghalair go dtí an chuid eile de chríoch na Spáinne agus go dtí an chuid eile den Aontas a chosc. Chuige sin, níor cheart gluaiseachtaí caorach agus gabhar lasmuigh den chrios srianta breise a cheadú ach amháin chuig seamlas lena marú láithreach.

(13) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le leathadh na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar, tá sé tábhachtach go mbeadh feidhm ag na bearta a leagtar síos sa Chinneadh Cur Chun Feidhme seo a luaithe is féidir.

(14) Ina theannta sin, agus aird á tabhairt ar an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair san Aontas a mhéid a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Iúil 2023.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 a leasú dá réir.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/10 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le bolgach caorach agus le bolgach gabhar sa Spáinn (IO L 2, 4.1.2023, lch. 126).

(16) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 d'Airteagal 3:

"2. Na gluaiseachtaí seo a leanas maidir le caoirigh agus gabhair a choimeádtar sa chrios srianta breise lasmuigh den chrios sin laistigh de chríoch na Spáinne, féadfaidh an t-údarás inniúil iad a údarú:

— Gluaiseachtaí caorach agus gabhar díreach chuig seamlas lena marú láithreach;"

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

"*Airteagal 5*

Cur i bhfeidhm

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Iúil 2023."

(3) Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333.

Airteagal 2

Seolaí

Is chuig Ríocht na Spáinne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Feabhra 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN

A. **Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar ráigeanna deimhnithe**

Réigiún agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid de na criosanna srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
Réigiún Castilla – La Mancha ES-CAPRIPOX-2023-00001 ES-CAPRIPOX-2023-00002 ES-CAPRIPOX-2023-00003	An crios cosanta: Na codanna sin de chúigí Cuenca agus Ciudad Real, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 5 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 39.5105823, domhanfhad -2.4881244 (2023/01); domhanleithead 39.4754483, domhanfhad -2.1693509 (2023/2); domhanleithead 39.3779337, domhanfhad -3.2065384 (2023/3)	22.03.2023
	An crios faireachais: Na codanna sin de chúigí Cuenca, Ciudad Real, Toledo agus Albacete, lasmuigh den limistéar a dtugtar tuairisc air sa chrios cosanta agus atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 20 ciliméadar agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 39.5105823, domhanfhad -2.4881244 (2023/01); domhanleithead 39.4754483, domhanfhad -2.1693509 (2023/2); domhanleithead 39.3779337, domhanfhad -3.2065384 (2023/3)	07.04.2023
	An crios faireachais: Na codanna sin de chúigí Cuenca agus Ciudad Real, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 5 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 39.5105823, domhanfhad -2.4881244 (2023/01); domhanleithead 39.4754483, domhanfhad -2.1693509 (2023/2); domhanleithead 39.3779337, domhanfhad -3.2065384 (2023/3)	23.03.2023-07.04.2023

B. **Criosanna srianta breise**

Réigiún	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna srianta breise, cuid de na criosanna srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
An réigiún **An Chaistíl – La Mancha**	Crios srianta breise ina bhfuil na cúigí seo a leanas: — Albacete — Ciudad Real — Cuenca — Toledo	17.05.2023"

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/415 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Feabhra 2023

lena n-athnuaitear an t-údarú chun táirgí a chur ar an margadh, ar táirgí iad ina bhfuil, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe A5547-127 (ACS-GMØØ6-4) de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2023) 1126)

(Is é an téacs Gearmáinise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le bia géinmhodhnaithe agus le beatha ghéinmhodhnaithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(3) agus Airteagal 23(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Údaraíodh le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/81/AE ón gCoimisiún ([2]) bia agus beatha a chur ar an margadh, ar bia agus beatha iad ina bhfuil, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe A5547-127. Cumhdaíodh le raon feidhme an údaraithe sin freisin táirgí seachas bia agus beatha a chur ar an margadh ach ina bhfuil nó atá comhdhéanta de phónaire shoighe ghéinmhodhnaithe A5547-127, le haghaidh na n-úsáidí céanna le pónaire shoighe ar bith eile, cé is moite de shaothrú.

(2) An 10 Nollaig 2020, thar ceann BASF Agricultural Solutions Seed US LLC atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, chuir BASF SE, cuideachta atá lonnaithe sa Ghearmáin, iarratas faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an údarú sin a athnuachan.

(3) An 20 Meitheamh 2022, d'eisigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") tuairim eolaíoch fhabhrach ([3]). Tháinig sé ar an gconclúid nach raibh fianaise san iarratas ar athnuachan ar aon ghuais nua, nochtadh modhnaithe nó éiginnteachtaí eolaíocha a d'athródh conclúidí an mheasúnaithe riosca bunaidh ar phónaire shoighe ghéinmhodhnaithe A5547-127, rud a ghlac an tÚdarás in 2011 ([4]).

(4) Ina thuairim eolaíoch, rinne an tÚdarás breithniú ar gach ceist agus ábhar imní a tharraing na Ballstáit anuas i gcomhthéacs an chomhairliúcháin leis na húdaráis inniúla náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 6(4) agus Airteagal 18(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

(5) An plean faireacháin le haghaidh na n-éifeachtaí comhshaoil a chur an t-iarratasóir isteach, arb é atá ann plean faireachais ginearálta, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin go bhfuil an plean sin i gcomhréir le húsáidí beartaithe na dtáirgí.

(6) Agus na conclúidí sin á gcur san áireamh, maidir leis an údarú chun bia agus beatha a chur ar an margadh, ar bia agus beatha iad ina bhfuil, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe A5547-127, agus chun táirgí a chur ar an margadh, ar táirgí iad ina bhfuil nó atá comhdhéanta de phónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GHB614 le haghaidh úsáidí seachas bia agus beatha, cé is moite de shaothrú, ba cheart an t-údarú sin a athnuachan.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/81/AE ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2012 lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil pónairí soighe géinmhodhnaithe A5547-127 (ACS-GMØØ6-4), nó atá comhdhéanta díobh, nó a tháirgtear astu, a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 40, 14.2.2012, lch. 10).

([3]) Painéal GMO EFSA (Painéal EFSA um Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe), 2022. *Scientific Opinion on the assessment on genetically modified soybean A5547-127 for renewal authorisation under Regulation (EC) No 1829/2003 (application EFSA-GMO-RX-020)* [Tuairim Eolaíoch ar an measúnú ar phónaire shoighe ghéinmhodhnaithe A5547-127 maidir le húdarú a athnuachan faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 (iarratas EFSA-GMO-RX-020)]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2022; 20(6):7340, 12 lgh.; https://doi.org/10.2903/j.efsa.2022.7340.

([4]) Painéal GMO EFSA, 2011. *Scientific Opinion on application (EFSA-GMO-NL-2008-52) for the placing on the market of herbicide tolerant genetically modified soybean A5547-127 for food and feed uses, import and processing under Regulation (EC) No 1829/2003 from Bayer CropScience* [Tuairim Eolaíoch ar iarratas (EFSA-GMO-NL-2008-52) ó Bayer CropScience chun pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe A5547-127 atá frithsheasmhach in aghaidh luibhicíde a chur ar an margadh, lena húsáid i mbia agus beatha, lena hallmhairiú agus lena próiseáil faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2011; 9(5):2147, 27 lgh.; https://doi.org/10.2903/j.efsa.2011.2147.

(7) I gcomhthéacs a údarú tosaigh le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/81/AE ón gCoimisiún, tá aitheantóir uathúil sannta do phónaire shoighe ghéinmhodhnaithe A5547-127, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 65/2004 ón gCoimisiún ([5]). Ba cheart leanúint den aitheantóir uathúil sin a úsáid.

(8) Maidir leis na táirgí a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, dhealródh sé nach gá aon cheanglas lipéadaithe sonrach, seachas iad siúd dá bhforáiltear in Airteagal 13(1) agus Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]). Mar sin féin, chun a áirithiú go bhfanfaidh úsáid na dtáirgí ina bhfuil nó atá comhdhéanta de phónaire shoighe ghéinmhodhnaithe A5547-127 laistigh de theorainneacha an údaraithe a dheonaítear leis an gCinneadh seo, ba cheart a léiriú go soiléir ar lipéadú na dtáirgí sin, cé is moite de bhia agus comhábhair bhia, nach bhfuil siad ceaptha le haghaidh saothrú.

(9) Ba cheart do shealbhóir an údaraithe tuarascálacha bliantúla a chur isteach maidir le cur chun feidhme agus torthaí na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean faireacháin le haghaidh éifeachtaí comhshaoil. Ba cheart na torthaí sin a chur i láthair i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i gCinneadh 2009/770/CE ón gCoimisiún ([7]).

(10) Ní thugann tuairim an Údaráis údar le coinníollacha nó srianta sonracha a fhorchur maidir le cur ar an margadh le haghaidh úsáide agus láimhseála, lena n-áirítear ceanglais faireacháin iar-mhargaidh i ndáil le bia agus beatha a thomhailt, ar bia agus beatha iad ina bhfuil, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe A5547-127, nó maidir le héiceachórais/comhshaol agus/nó limistéir gheografacha áirithe a chosaint, dá bhforáiltear in Airteagal 6(5)(e) agus Airteagal 18(5)(e) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

(11) An fhaisnéis ábhartha uile maidir le húdarú na dtáirgí a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, ba cheart í a iontráil sa chlár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

(12) Tá an Cinneadh seo le fógairt trí Theach Imréitigh na Bithsháhbháilteachta do na Páirtithe i bPrótacal Cartagena ar an mBithsháhbháilteacht a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, de bhun Airteagal 9(1) agus Airteagal 15(2)(c) de Rialachán (CE) Uimh, 1946/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]).

(13) Níor thug an Buanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha tuairim uaidh laistigh den teorainn ama a leag Cathaoirleach an Choiste síos. Measadh an gníomh cur chun feidhme seo a bheith riachtanach agus chuir an Cathaoirleach faoi bhráid an choiste achomhairc é le go ndéanfar tuilleadh plé ina leith. Níor thug an coiste achomhairc tuairim uaidh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Orgánach géinmhodhnaithe agus aitheantóir uathúil

Pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe (*Glycine max*) A5547-127, mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, sanntar an t-aitheantóir uathúil ACS-GMØØ6-4 dó i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 65/2004.

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 65/2004 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2004 lena mbunaítear córas chun aitheantóirí uathúla a fhorbairt agus a shannadh d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe (IO L 10, 16.1.2004, lch. 5).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le hinrianaitheacht agus lipéadú orgánach géinmhodhnaithe agus inrianaitheacht táirgí bia agus beatha a tháirgtear ó orgánaigh ghéinmhodhnaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/18/CE (IO L 268, 18.10.2003, lch. 24).

([7]) Cinneadh 2009/770/CE ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear formáidí tuairiscithe caighdeánacha maidir le cur i láthair thorthaí an fhaireacháin ar orgánaigh ghéinmhodhnaithe a scaoileadh d'aon ghnó sa chomhshaol, mar tháirgí nó i dtáirgí, chun iad a chur ar an margadh, de bhun Threoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 275, 21.10.2009, lch. 9).

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 1946/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2003 maidir le gluaiseachtaí trasteorann orgánach géinmhodhnaithe (IO L 287, 5.11.2003, lch. 1).

Airteagal 2

Athnuachan an údaraithe

An t-údarú chun na táirgí seo a leanas a chur ar an margadh, déantar é a athnuachan i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa Chinneadh seo:

(a) bianna agus comhábhair bhia ina bhfuil, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe ACS-GMØØ6-4;

(b) beatha ina bhfuil, atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe ACS-GMØØ6-4;

(c) táirgí ina bhfuil nó atá comhdhéanta de phónaire shoighe ghéinmhodhnaithe ACS-GMØØ6-4, le haghaidh úsáidí seachas iad siúd dá bhforáiltear i bpointí (a) agus (b), cé is moite de shaothrú.

Airteagal 3

Lipéadú

1. Chun críocha na gceanglas maidir le lipéadú a leagtar síos in Airteagal 13(1) agus in Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003, is é "pónaire shoighe" a bheidh mar "ainm an orgánaigh".

2. Beidh na focail "níltear le saothrú" ar an lipéad agus sna doiciméid a ghabhann leis na táirgí ina bhfuil nó atá comhdhéanta de phónaire shoighe ghéinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1, cé is moite de tháirgí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 2.

Airteagal 4

An modh braite

Beidh feidhm ag an modh a leagtar amach i bpointe (d) den Iarscríbhinn maidir le pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe ACS-GMØØ6-4 a bhrath.

Airteagal 5

Plean faireacháin le haghaidh éifeachtaí comhshaoil

1. Áiritheoidh sealbhóir an údaraithe go gcuirfear i bhfeidhm agus go gcuirfear chun feidhme an plean faireacháin le haghaidh éifeachtaí comhshaoil, mar a leagtar amach i bpointe (h) den Iarscríbhinn.

2. Cuirfidh sealbhóir an údaraithe faoi bhráid an Choimisiúin tuarascálacha bliantúla maidir le cur chun feidhme agus torthaí na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean faireacháin i gcomhréir leis an bhformáid a leagtar amach i gCinneadh 2009/770/CE.

Airteagal 6

An clár Comhphobail

Déanfar an fhaisnéis a leagtar amach san Iarscríbhinn a iontráil sa chlár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe, dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

Airteagal 7

Sealbhóir an údaraithe

Is é BASF Agricultural Solutions Seed US LLC, na Stáit Aontaithe, atá á ionadú san Aontas ag BASF SE, an Ghearmáin, sealbhóir an údaraithe.

Airteagal 8

Bailíocht

Beidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar feadh tréimhse 10 mbliana ón dáta a dtabharfar fógra ina leith.

Airteagal 9

Seolaí

Is chuig BASF Agricultural Solutions Seed US LLC, 100 Park Avenue, Florham Park, New Jersey 07932, na Stáit Aontaithe, cuideachta atá á hionadú san Aontas ag BASF SE, Carl-Bosch-Str. 38, 67063 Ludwigshafen, an Ghearmáin, a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Feabhra 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

(a) **An t-iarratasóir agus sealbhóir an údaraithe:**

Ainm: BASF Agricultural Solutions Seed US LLC

Seoladh: 100 Park Avenue, Florham Park, New Jersey 07932, Na Stáit Aontaithe

arna ionadú san Aontas ag: BASF SE, Carl-Bosch-Str. 38, 67063, Ludwigshafen, An Ghearmáin.

(b) **Ainmníocht agus sonraíocht na dtáirgí:**

(1) bianna agus comhábhair bhia ina bhfuil, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe ACS-GMØØ6-4;

(2) beatha ina bhfuil, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe ACS-GMØØ6-4;

(3) táirgí ina bhfuil nó atá comhdhéanta de phónaire shoighe ghéinmhodhnaithe ACS-GMØØ6-4, le haghaidh úsáidí seachas iad siúd dá bhforáiltear i bpointí (1) agus (2), cé is moite de shaothrú.

Pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe ACS-GMØØ6-4, léiríonn sí an ghéin *pat* an ghéin gat4621, lena dtugtar frithsheasmhacht in aghaidh luibhicídí atá bunaithe ar amóiniam gliofosáite.

(c) **Lipéadú:**

(1) Chun críocha na gceanglas maidir le lipéadú a leagtar síos in Airteagal 13(1) agus in Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003, is é "pónaire shoighe" a bheidh mar "ainm an orgánaigh";

(2) Beidh na focail "níltear le saothrú" ar an lipéad agus sna doiciméid a ghabhann leis na táirgí ina bhfuil nó atá comhdhéanta de phónaire shoighe ghéinmhodhnaithe ACS-GMØØ6-4, cé is moite de na táirgí dá dtagraítear i bpointe (b)(1).

(d) **An modh braite:**

(1) Modh teagmhas-shonrach maidir le pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe ACS-GMØØ6-4 a chainníochtú trí úsáid a bhaint as PCR fíor-ama;

(2) Arna bhailíochtú ag Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, arna fhoilsiú ag http://gmo-crl.jrc.ec.europa.eu/StatusOfDossiers.aspx;

(3) Ábhar Tagartha: Tá AOCS 0707-C8 le fáil tríd an American Oil Chemists Society ag https://aocs.org/tech/crm.

(e) **Aitheantóir uathúil:**

ACS-GMØØ6-4

(f) **An fhaisnéis a cheanglaítear de bhun Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch:**

[Teach Imréitigh na Bithshábháilteachta, Uimhir aitheantais an chomhaid: arna fhoilsiú sa chlár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe nuair a fhógraítear é].

(g) **Coinníollacha nó srianta maidir leis na táirgí a chur ar an margadh, a úsáid nó a láimhseáil:**

Ní gá.

(h) **Plean faireacháin le haghaidh éifeachtaí comhshaoil:**

Plean faireacháin le haghaidh éifeachtaí comhshaoil i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

[Nasc: *plean arna fhoilsiú sa chlár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe*]

(i) **Ceanglais faireacháin iar-mhargaidh maidir le húsáid an bhia mar bhia don duine:**

Ní gá.

Nóta: d'fhéadfadh sé gur ghá na naisc chuig na doiciméid ábhartha a athrú thar thréimhse ama. Cuirfear na modhnuithe sin ar fáil don phobal tríd an gclár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe a thabhairt cothrom le dáta.

([1]) Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe amach sa chomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle (IO L 106, 17.4.2001, lch. 1).

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/416 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Feabhra 2023

lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil, arb í atá iontu nó a tháirgtear ó ráib olashíl ghéinmhodhnaithe MON 94100 (MON-941ØØ-2) a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2023) 1135)

(Is é an téacs Ollainnise atá barántúil, agus an téacs sin amháin)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le bia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(3) agus Airteagal 19(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Deireadh Fómhair 2020, chuir Bayer Agriculture BV, atá lonnaithe sa Bheilg, thar ceann Bayer CropScience LP, atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, iarratas faoi bhráid údaráis inniúil náisiúnta na hÍsiltíre ("an t-iarratas") maidir le bianna, comhábhair bhia agus beatha ina bhfuil, arb í atá iontu nó a tháirgtear ó ráib olashíl ghéinmhodhnaithe MON 94100, a chur ar an margadh, i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003. Bhain an t-iarratas freisin le táirgí ina bhfuil nó arb í atá iontu ráib olashíl ghéinmhodhnaithe MON 94100 a chur ar an margadh le haghaidh úsáidí seachas bia agus beatha, cé is moite de shaothrú.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 5(5) agus Airteagal 17(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, áiríodh san iarratas faisnéis agus conclúidí maidir leis an measúnú riosca arna dhéanamh i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Áiríodh ann freisin an fhaisnéis a cheanglaítear de bhun Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an Treoir sin mar aon le plean faireacháin maidir le héifeachtaí ar an gcomhshaol i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir sin.

(3) An 22 Iúil 2022, d'eisigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") tuairim eolaíoch fhabhrach ([3]) i gcomhréir le hAirteagail 6 agus 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid maidir le ráib olashíl ghéinmhodhnaithe MON 94100, mar a thuairiscítear san iarratas, go bhfuil sí chomh sábháilte céanna lena macasamhail thraidisiúnta agus leis na cineálacha tagartha ráibe olashíl nach bhfuil modhnaithe go géiniteach a ndearnadh tástáil orthu, i ndáil leis na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar shláinte an duine, ar shláinte ainmhithe agus ar an gcomhshaol. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin nach údar imní é do dhaoine ná i leith ainmhithe ó thaobh an chothúcháin de bia agus beatha ó ráib olashíl ghéinmhodhnaithe MON 94100 a thomhailt.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 1.

([2]) Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe amach sa chomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle (IO L 106, 17.4.2001, lch. 1).

([3]) Painéal OGM EFSA (Painéal EFSA um Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe), 2022. Scientific Opinion on assessment of genetically modified oilseed rape MON 94100 for food and feed uses, under Regulation (EC) No 1829/2003 [Tuairim Eolaíoch maidir le measúnú ar ráib olashíl ghéinmhodhnaithe MON 94100 le haghaidh úsáidí bia agus beatha, faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003] (iarratas EFSA-GMO-NL-2020-169). EFSA Journal [Iris EFSA] 2022; 20(7):7411, 29 lch. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2022.7411.

(4) Sa tuairim eolaíoch uaidh, rinne an tÚdarás breithniú ar gach ceist agus ábhar imní a tharraing na Ballstáit anuas i gcomhthéacs an chomhairliúcháin leis na húdaráis inniúla náisiúnta mar a fhoráiltear in Airteagal 6(4) agus Airteagal 18(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

(5) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin i dtaca leis an bplean faireacháin maidir le héifeachtaí ar an gcomhshaol, arna chur isteach ag an iarratasóir, arb é atá ann plean ginearálta faireachais, go bhfuil an plean sin i gcomhréir leis na húsáidí atá beartaithe le haghaidh na dtáirgí.

(6) Agus na conclúidí sin á gcur san áireamh, maidir le táirgí ina bhfuil, arb í atá iontu nó a tháirgtear ó ráib olashíl ghéinmhodhnaithe MON 94100, ba cheart údarás a thabhairt chun na táirgí sin a chur ar an margadh le haghaidh na n-úsáidí a liostaítear san iarratas.

(7) Ba cheart aitheantóir uathúil a shannadh do ráib olashíl ghéinmhodhnaithe MON 94100 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 65/2004 ón gCoimisiún ([4]).

(8) I gcás na dtáirgí a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, is cosúil nach gá aon cheanglas sonrach maidir le lipéadú, seachas na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 13(1) agus in Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]). D'fhonn a áirithiú, áfach, go bhfanfaidh úsáid na dtáirgí sin laistigh de theorainneacha an údaraithe a dheonaítear leis an gCinneadh seo, ba cheart léiriú soiléir a bheith ar lipéadú na dtáirgí ina bhfuil nó arb í atá iontu ráib olashíl ghéinmhodhnaithe MON 94100, cé is moite de bhianna agus comhábhair bia, léiriú a shoiléiríonn nach bhfuil siad ceaptha lena saothrú.

(9) Ba cheart do shealbhóir an údaraithe tuarascálacha bliantúla a chur isteach maidir le cur chun feidhme agus torthaí na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean faireacháin maidir le héifeachtaí ar an gcomhshaol. Ba cheart na torthaí sin a chur i láthair i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i gCinneadh 2009/770/CE ón gCoimisiún ([6]).

(10) Ní thugann tuairim an Údaráis údar le coinníollacha sonracha nó srianta sonracha eile a fhorchur maidir le cur ar an margadh, maidir le húsáid agus láimhseáil ná maidir le héiceachórais/comhshaoil agus/nó limistéir gheografacha ar leith a chosaint, mar a fhoráiltear in Airteagal 6(5), pointe (e) agus in Airteagal 18(5), pointe (e) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

(11) Gach faisnéis ábhartha maidir le húdarú na dtáirgí a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, ba cheart í a chur isteach i gclár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus de bheatha ghéinmhodhnaithe, dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

(12) Tá fógra le tabhairt faoin gCinneadh seo trí Theach Imréitigh na Bithshábháilteachta do na Páirtithe i bProtocal Cartagena ar an mBithshábháilteacht a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlach Bhitheolaíoch, de bhun Airteagal 9(1) agus Airteagal 15(2), pointe (c) de Rialachán (CE) Uimh. 1946/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]).

(13) Níor thug an Buanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha tuairim uaidh laistigh den teorainn ama a leag Cathaoirleach an Choiste síos. Measadh an gníomh cur chun feidhme seo a bheith riachtanach agus chuir an Cathaoirleach faoi bhráid an choiste achomhairc é le go ndéanfar tuilleadh plé ina leith. Níor thug an coiste achomhairc tuairim uaidh,

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 65/2004 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2004 lena mbunaítear córas chun aitheantóirí uathúla d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe a fhorbairt agus a shannadh (IO L 10, 16.1.2004, lch. 5).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le hinrianaitheacht agus lipéadú orgánach géinmhodhnaithe agus inrianaitheacht táirgí bia agus beatha a tháirgtear ó orgánaigh ghéinmhodhnaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/18/CE (IO L 268, 18.10.2003, lch. 24).

([6]) Cinneadh 2009/770/CE ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear formáidí tuairiscithe caighdeánacha maidir le cur i láthair thorthaí an fhaireacháin ar orgánaigh ghéinmhodhnaithe a scaoileadh d'aon ghnó sa chomhshaol, i bhfoirm táirgí nó i dtáirgí, chun iad a chur ar an margadh, de bhun Threoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 275, 21.10.2009, lch. 9).

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 1946/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2003 maidir le gluaiseachtaí trasteorann orgánach géinmhodhnaithe (IO L 287, 5.11.2003, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Orgánach géinmhodhnaithe agus aitheantóir uathúil

Sanntar aitheantóir uathúil MON-941ØØ-2 do ráib olashíl ghéinmhodhnaithe (*Brassica napus* L.) 94100, mar a shonraítear i bpointe (b) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 65/2004.

Airteagal 2

Údarú

Údaraítear na táirgí seo a leanas chun críocha Airteagal 4(2) agus Airteagal 16(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa Chinneadh seo:

(a) bianna agus comhábhair bia ina bhfuil, arb í atá iontu nó a tháirgtear ó ráib olashíl ghéinmhodhnaithe MON-941ØØ-2;

(b) beatha ina bhfuil, arb í atá inti nó a tháirgtear as olashíl ráibe ghéinmhodhnaithe MON-941ØØ-2;

(c) táirgí ina bhfuil nó arb í atá iontu ráib olashíl ghéinmhodhnaithe MON-941ØØ-2 le haghaidh úsáidí eile seachas na húsáidí dá bhforáiltear i bpointí (a) agus (b) den Airteagal seo, cé is moite de shaothrú.

Airteagal 3

Lipéadú

1. Chun críocha na gceanglas maidir le lipéadú a leagtar síos in Airteagal 13(1) agus in Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003, is é "ráib olashíl" a bheidh mar "ainm an orgánaigh".

2. Beidh na focail "níltear le saothrú" ar lipéad na dtáirgí agus sna doiciméid a ghabhann leis na táirgí ina bhfuil nó arb í atá iontu ráib olashíl ghéinmhodhnaithe MON-941ØØ-2, dá dtagraítear in Airteagal 1, cé is moite de tháirgí dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (a).

Airteagal 4

Modh braite

Beidh feidhm ag an modh a leagtar amach i bpointe (d) den Iarscríbhinn maidir le ráib olashíl ghéinmhodhnaithe MON-941ØØ-2 a bhrath.

Airteagal 5

Faireachán ar éifeachtaí ar an gcomhshaol

1. Áiritheoidh sealbhóir an údaraithe go ndéanfar an plean faireacháin maidir le héifeachtaí ar an gcomhshaol, mar a leagtar amach i bpointe (h) den Iarscríbhinn, a chur ar bun agus a chur chun feidhme.

2. Cuirfidh sealbhóir an údaraithe tuarascálacha bliantúla faoi bhráid an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean faireacháin agus maidir le torthaí na ngníomhaíochtaí sin i gcomhréir leis an bhformáid a leagtar amach i gCinneadh 2009/770/CE.

Airteagal 6

Clár Comhphobail

Cuirfear an fhaisnéis a leagtar amach san Iarscríbhinn isteach i gclár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus de bheatha ghéinmhodhnaithe, dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

Airteagal 7

Sealbhóir an údaraithe

Is é Bayer CropScience LP, arna ionadú san Aontas ag Bayer Agriculture BV, a bheidh ina shealbhóir údaraithe.

Airteagal 8

Bailíocht

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ar feadh tréimhse 10 mbliana ón dáta a dtabharfar fógra ina leith.

Airteagal 9

Seolaí

Is chuig Bayer CropScience LP, 800 N. Lindbergh Boulevard, St. Louis, Missouri 63167, na Stáit Aontaithe, arna ionadú san Aontas ag Bayer Agriculture BV, Scheldelaan 460, 2040 Antwerp, an Bheilg, a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Feabhra 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

(a) **Iarratasóir agus sealbhóir an údaraithe:**

Ainm: Bayer CropScience LP

Seoladh: 800 N. Lindbergh Boulevard, St. Louis, Missouri 63167, Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Arna ionadú san Aontas ag: Bayer Agriculture BV, Scheldelaan 460, 2040 Antwerp, An Bheilg.

(b) **Ainmniú agus sonrú na dtáirgí:**

(1) bianna agus comhábhair bia ina bhfuil, arb í atá iontu nó a tháirgtear ó ráib olashíl ghéinmhodhnaithe MON-941ØØ-2;

(2) beatha ina bhfuil, arb í atá inti nó a tháirgtear ó ráib olashíl ghéinmhodhnaithe MON-941ØØ-2;

(3) táirgí ina bhfuil nó arb í atá iontu ráib olashíl ghéinmhodhnaithe MON-941ØØ-2 le haghaidh úsáidí seachas na húsáidí dá bhforáiltear i bpointí (1) agus (2), cé is moite de shaothrú.

Léiríonn ráib olashíl ghéinmhodhnaithe MON-941ØØ-2 an ghéin *dmo*, lena dtugtar frithsheasmhacht in aghaidh luibhicídí atá bunaithe ar díceamba.

(c) **Lipéadú:**

(1) Chun críocha na gceanglas maidir le lipéadú a leagtar síos in Airteagal 13(1) agus in Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003, is é "ráib olashíl" a bheidh mar "ainm an orgánaigh".

(2) Beidh na focail "níltear le saothrú" ar lipéad na dtáirgí agus i ndoiciméid a ghabhann leis na táirgí ina bhfuil nó arb í atá iontu ráib olashíl MON-941ØØ-2, cé is moite de tháirgí dá dtagraítear i bpointe (b)(1).

(d) **Modh braite:**

(1) Modh atá bunaithe ar PCR saintheagmhas fíor-ama cainníochtúil chun an ráib olashíl ghéinmhodhnaithe MON-941ØØ-2 a bhrath;

(2) Arna bhailíochtú ag saotharlann tagartha an Aontais arna bunú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, arna fhoilsiú ag http://gmo-crl.jrc.ec.europa.eu/StatusOfDossiers.aspx;

(3) Ábhar Tagartha: Tá AOCS 0421-A inrochtana tríd an *American Oil Chemists Society* ag https://www.aocs.org/crm?SSO=True

(e) **Aitheantóir uathúil:**

MON-941ØØ-2

(f) **Faisnéis a cheanglaítear faoi Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch:**

[Teach Imréitigh na Bithshábháilteachta, Uimhir aitheantais an chomhaid: *arna fhoilsiú i gclár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus de bheatha ghéinmhodhnaithe nuair a fhógraítear é*].

(g) **Coinníollacha nó srianta maidir leis na táirgí a chur ar an margadh, a úsáid nó a láimhseáil:**

Ní gá.

(h) **Plean faireacháin maidir le héifeachtaí ar an gcomhshaol:**

Plean faireacháin maidir le héifeachtaí ar an gcomhshaol i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2001/18/CE

[Nasc: *plean a foilsíodh sa chlár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus de bheatha ghéinmhodhnaithe*]

(i) **Plean faireacháin iarmhargaidh:**

Ní gá.

Nóta: d'fhéadfadh sé gur ghá na naisc chuig na doiciméid ábhartha a athrú thar thréimhse ama. Cuirfear na modhnuithe sin ar fáil don phobal trí chlár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus de bheatha ghéinmhodhnaithe a thabhairt cothrom le dáta.

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/417 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Feabhra 2023

lena nglactar le hiarraidh arna cur isteach ag an Ísiltír agus ag an nGearmáin, de bhun Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le neamhchur i bhfeidhm sealadach phointe 4.2.5.1. "Cumarsáid raidió leis an traein" agus phointe 4.2.8. "Bainistiú eochracha" den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún, i gcás na n-ocht dtraein dhoscartha FLIRT3 EMU3 Limburg MS (L-435)

(A bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2023) 1154)

(Na téacsanna Ollainnise agus Gearmáinise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach ([1]), agus Airteagal 7(4) de go háirithe,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Iúil agus an 20 Iúil 2022, faoi seach, chuir an Ísiltír agus an Ghearmáin iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin, maidir le neamhchur i bhfeidhm sealadach phointe 4.2.5.1. "Cumarsáid raidió leis an traein" agus phointe 4.2.8. "Bainistiú eochracha" den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún ([2]), i gcás na n-ocht bhfeithicil FLIRT3 EMU3 Limburg MS (L-435) (na "traenacha doscartha") arna soláthar ag an monaróir Stadler don oibreoir Arriva. Tá na hiarrataí sin bunaithe ar Airteagal 7(1), pointe (c), de Threoir (AE) 2016/797 lena bhforáiltear go bhféadfaí neamhchur i bhfeidhm a bheith ann mar gheall ar an mbaol go gcuirfí isteach ar inmharthanacht eacnamaíoch an tionscadail. Úsáidtear na traenach doscartha sin chun seirbhísí a chur ar fáil idir Maastricht (an Ísiltír), Heerlen (an Ísiltír) agus Aachen (an Ghearmáin).

(2) Bhí na hocht dtraein dhoscartha céanna, FLIRT3 EMU3 Limburg MS (L-435), ina n-ábhar cinnidh cheana, is é sin Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 5081 final ón gCoimisiún ([3]). Leis an gcinneadh cur chun feidhme sin, ghlac an Coimisiún leis an iarraidh ón Ísiltír gan pointe 7.4.2.1. den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919 a chur i bhfeidhm go sealadach, pointe lena ndéantar foráil maidir le suiteáil threalamh Bhonnlíne 3 an Chórais Eorpaigh um Rialú Traenacha (ETCS) ([4]) i bhfeithiclí atá ceaptha le haghaidh oibríochtaí ar chonairí chroíghréasán TEN-T. Glacadh leis an neamhchur i bhfeidhm sealadach ar bhonn Airteagal 7(1), pointe (c), de Threoir (AE) 2016/797 ina dtagraítear don easpa inmharthanachta eacnamaíoch maidir le huasghrádú a dhéanamh chun trealamh ar bord an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) a shuiteáil i gcomhréir iomlán le Rialachán (AE) 2016/919.

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 5081 final, deonaíodh an neamhchur i bhfeidhm sealadach go dtí an 31 Márta 2022, agus an fhéidearthacht ann go gcuirfeadh údarás náisiúnta sábháilteachta na hÍsiltíre síneadh leis an tréimhse neamhchur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2022, más gá sin ar chúiseanna nach dtagann faoi fhreagracht úinéir nó mhonaróir na dtraenacha doscartha, agus arna iarraidh sin do cheachtar acu.

(4) Ar bhonn oibleagáid údaráis na hÍsiltíre faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 5081 final faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn úinéir agus mhonaróir na dtraenacha doscartha a mhéid a bhaineann lena n-oibleagáid na hocht dtraein dhoscartha a thabhairt i gcomhréir iomlán le ERTMS ar bord, d'údaraigh údarás náisiúnta sábháilteachta na hÍsiltíre an síneadh leis an tréimhse neamhchur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2022.

([1]) IO L 138, 26.5.2016, lch. 44.

([2]) Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2016 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais "um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht" an chórais iarnróid san Aontas Eorpach (IO L 158, 15.6.2016, lch. 1).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 5081 final ón gCoimisiún an 29 Iúil 2020 lena nglactar le hiarraidh arna cur isteach ag an Ísiltír, de bhun Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le gan pointe 7.4.2.1. den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún a chur i bhfeidhm i gcás na n-ocht dtraein dhoscartha FLIRT3 EMU3 Limburg MS (L-435).

([4]) Tábla A 2.2. agus Tábla A 2.3. d'Iarscríbhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún.

(5) Dá bhrí sin, tá na hocht dtraein dhoscartha lena mbaineann feistithe le córais aicme B faoi láthair, ós rud é gur chinn an t-úinéir suiteáil Bhonnlíne 2 a chur siar agus iad a uasghrádú go díreach go Bonnlíne 3 faoi dheireadh 2022, ar bhonn Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 5081 final.

(6) A mhéid a bhaineann leis an iarraidh seo ar neamhchur i bhfeidhm sealadach phointe 4.2.5.1. agus phointe 4.2.8. den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919, an fhaisnéis a sholáthair údaráis na hÍsiltíre agus na Gearmáine i gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Threoir (AE) 2016/797, chuir an fhaisnéis sin ar a chumas don Choimisiún a anailís a dhéanamh.

(7) Bhí moill ar an tionscadal chun na hocht dtraein dhoscartha a uasghrádú go trealamh Bhonnlíne 3 ETCS ar bord sa chéad bhliain den tionscadal, go príomha mar gheall ar fhachtóirí seachtracha nach raibh ach smacht teoranta ag an monaróir orthu. Ar na cúiseanna leis na moilleanna, ní dhearnadh uasghrádú ar an mbonneagar go Bonnlíne 3 ETCS, bhí doiléire ann maidir leis na riachtanais chun cineál an chórais Aicme B a chur chun feidhme, agus bhí tionchar ag COVID-19 ar chinnteoireacht agus ar chumarsáid idir na páirtithe leasmhara.

(8) Chun na moilleanna a chúiteamh agus chun leanúint de bheith ag oibriú na dtraenacha, ghlac údaráis na hÍsiltíre agus na Gearmáine leis an iarraidh ón monaróir an dá fheidhm "lascadh paicéad GPRS" agus "bainistiú eochracha ar líne" a bhaint go sealadach ó shonraíochtaí na dtraenacha doscartha agus féachaint an bhféadfaí srian nó coinníoll úsáide a chur i bhfeidhm chun an dá fheidhm a chúiteamh. Ach an dá fheidhm theicniúla, mar atá lascadh paicéad GPRS agus bainistíocht eochracha ar líne, is dlúthchuid de Bhonnlíne 3 ETCS iad. Is cuid de na ceanglais faoi phointe 4.2.5.1. "Cumarsáid raidió leis an traein" é lascadh paicéad GPRS agus is cuid de na ceanglais faoi phointe 4.2.8. "Bainistiú eochracha" den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919 é bainistiú eochracha ar líne. Dá bhrí sin, dá bhfaighfí réidh leis an dá fheidhm sin ní chomhlíonfaí Rialachán (AE) 2016/919.

(9) Mar sin de, mura dtabharfaí maolú ar Bhonnlíne 3 ETCS a chur i bhfeidhm ina iomláine, bheadh gá ann deireadh a chur le hoibriú na dtraenacha doscartha. Tá saintréithe sonracha ag na traenacha doscartha, mar atá trí chóras soláthair cumhachta (1,5 kV, 3 kV agus 15 kV) agus trí chóras rialaithe traenach Aicme B (ATB, TBL1+, agus PZB). Traenacha doscartha a bhfuil na tréithe sin nó tréithe den chineál céanna acu, atá údaraithe le bheith ag rith san Ísiltír agus sa Ghearmáin, níl siad ar fáil ar an margadh faoi láthair. Mar sin de, ní féidir traenacha doscartha ar léas a chur ina n-ionad ar bhonn sealadach. Dá bharr sin, níor mhór busanna a chur in ionad na dtraenacha doscartha, rud a mbeadh tionchar eacnamaíoch aige ó thaobh ioncam caillte agus na gcostas ard díreach a bhaineann le seirbhís mhalartach iompair de bhóthar, agus ní hamháin sin ach a mbeadh tionchar diúltach socheacnamaíoch aige freisin ar chustaiméirí Arriva, agus a bheadh ina chúis le muinín na bpaisinéirí san oibreoir a chailleadh mar gheall ar an gcur isteach ar an tseirbhís.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Threoir (AE) 2016/797, chuir na hiarratasóirí in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh an mhoill ar chur chun feidhme an dá fheidhm difear don tsábháilteacht agus don idir-inoibritheacht, ós rud é go meastar nach dtabharfar an dá fheidhm isteach taobh riain roimh 2026 agus go bhfuil Bonnlíne 3 ETCS ar bord go hiomlán comhoiriúnach leis an gcomharthaíocht taobh riain. Ina theannta sin, tá teorainn leis an tionchar atá ag neamhchur i bhfeidhm an dá fheidhm, ós rud é nach mbeidh na traenacha doscartha ag dul ach idir Aachen agus Maastricht.

(11) Dá bhrí sin, chun nach gcuirfear isteach ar sheirbhísí iarnróid idir-réigiúnacha fad agus atáthar ag fanacht ar shuiteáil an trealaimh ERTMS atá in easnamh, ba cheart a mheas go bhfuil an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 7(1), pointe (c), de Threoir (AE) 2016/797 comhlíonta agus ba cheart an maolú ar phointe 4.2.5.1. agus ar phointe 4.2.8. den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919 a dheonú go dtí an 31 Nollaig 2024.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 51(1) de Threoir (AE) 2016/797,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Glactar leis an iarraidh ó Ríocht na hÍsiltíre agus ó Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine maidir le gan pointe 4.2.5.1. "Cumarsáid raidió leis an traein" agus pointe 4.2.8. "Bainistiú eochracha" den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún a chur i bhfeidhm i gcás na n-ocht dtraein dhoscartha "FLIRT3 EMU3 MS Limburg (L-435)", faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2.

Airteagal 2

Cuirfidh Ríocht na hÍsiltíre agus Poblacht Chónaidhme na Gearmáine an Coimisiún ar an eolas faoin 31 Márta 2023 faoi na hoibreacha atá sceidealaithe chun pointe 4.2.5.1. agus pointe 4.2.8. den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919 a chur chun feidhme, agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoina gcur chun feidhme iarbhír faoin 31 Nollaig 2024.

Airteagal 3

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo laistigh de theorainneacha geografacha ghréasáin iarnróid na hÍsiltíre agus na Gearmáine.

Airteagal 4

Is chuig Ríocht na hÍsiltíre agus chuig Poblacht Chónaidhme na Gearmáine a dhírítear an Cinneadh seo.

Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Feabhra 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Adina-Ioana VĂLEAN
Comhalta den Choimisiún

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA